

WIJ WILLEM ALEXANDER,
BIJ DE GRATIE GODS,
KONING DER NEDERLANDEN,
PRINS VAN ORANJE-NASSAU,
ENZ. ENZ. ENZ.

WILLEM ALEXANDER,
LE GRÁSTA DÉ,
RÍ NA hÍSILTÍRE,
PRIONSA ORANGE-NASSAU,
ETC., ETC., ETC.,

WIJ WILLEM ALEXANDER,
BIJ DE GRATIE GODS,
KONING DER NEDERLANDEN,
PRINS VAN ORANJE-NASSAU,
ENZ. ENZ. ENZ.

Foraithne den

leasú ar Fhóraithne an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le feoil, feoil mhionaithe agus táirgí feola, ar Fhóraithne an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le Táirgí Déiríochta agus ar Fhóraithne an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le pionóis riaracháin i ndáil le hathruithe ar an reachtaíocht Eorpach agus roinnt coigeartuithe teicniúla

Ar mholadh ón Státrúnaí Sláinte Poiblí, Leasa agus Spóirt cuir isteach dáta an togra, tagairt cuir isteach tagairt an togra;

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

- Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córas chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 (IO L 204, 2000) ón gComhairle,
- Rialachán (CE) Uimh. 1825/2000 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2000 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú mairteola agus táirgí mairteola (IO L 216, 2000);
- Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sláinteachais sonracha le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 2004);
- Rialachán (AE) 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72 ón gComhairle, Rialachán (CEE) Uimh. 234/79 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 2013);
- Airteagal 4, Airteagal 5, Airteagal 6, Airteagal 8(1), Airteagal 13, Airteagal 13a, Airteagal 14 agus Airteagal 32b den Ghníomh um Thráchtearraí (Warenwet);

Tar éis éisteacht a thabhairt do Rannán Comhairleach na Comhairle Stáit (tuairim, cuir isteach dáta na tuairime ón gComhairle Stáit, Uimh. cuir isteach uimhir na tuairime ón gComhairle Stáit);

Ag féachaint don tuarascáil bhreise ón Státrúnaí Sláinte, Leasa agus Spóirt an (cuir isteach dáta na tuarascála breise, cuir isteach tagairt na tuarascála breise);

Tar éis an méid seo a leanas a fhormheas agus foraithnímh leis seo:

Airteagal I

Leasaítear Fhoraithe an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le feoil, feoil mhionaithe agus táirgí feola (Warenwetbesluit Vlees, gehakt en vleesproducten) mar seo a leanas:

A

Is mar seo a leanas atá Airteagal 2 anois:

Airteagal 2

1. Tá toirmeasc ar fheoil toirc allta, feoil díchnámhaithe go meicniúil, feoil mhionaithe, ullmhóidí feola, feoil mhionaithe agus táirgí feola seachas i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos san Fhoraithe seo nó dá bhun a ullmhú, a chóireáil, a phróiseáil, a phacáistiú, a stóráil, a iompar nó a mhargú.
2. Tá toirmeasc ar earraí a mhargú seachas na hearraí sin dá bhforchoimeádtar na tásca agus na tagairtí a shonraítear san Fhoraithe seo, trí úsáid a bhaint as na tásca agus na tagairtí sin.
3. Toirmiscear gníomhú de shárú ar Airteagal 11, Airteagal 13(1), Airteagal (2) agus Airteagal (5), Airteagal 14, Airteagal 15 agus Airteagal 15a de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 agus Airteagal 1, Airteagal 2(2), Airteagal 4(1) agus Airteagal (2), Airteagal 5a(1), Airteagal 5b, Airteagal 5c(1) agus Airteagal (2), agus Airteagal 7(1) agus Airteagal (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1825/2000.

B

In Airteagal 14, cuirtear na focail 'Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000' in ionad na bhfocal 'Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000'.

Airteagal II

Leasaítear Fhoraithe an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le táirgí déiríochta (Warenwetbesluit Zuivel) mar a leanas:

A

Is mar seo a leanas atá Airteagal 1 anois:

Airteagal 1

San Fhoraithe seo, beidh feidhm ag na téarmaí agus na sainmhínithe seo a leanas:

- *ciallaíonn caighdeán cáise* an caighdeán idirnáisiúnta cáise, arna tharraingt suas i gcomhthéacs 'CC/Cód Prionsabal EDS maidir le Bainne agus Táirgí Bainne';
- *ciallaíonn bainne* bainne dá dtagraítear i gCuid III d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;
- *ciallaíonn bainne atá beartaithe chun táirgí bainnebhunaithe a ullmhú*
1°. bainne amh atá beartaithe lena phróiseáil;
2°. bainne leachtach nó reoite a fhaightear ó bhainne amh, cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh cóireáil fhisiciúil cheadaithe air, amhail teaschóireáil nó teirmíú, agus cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh a chomhdhéanamh a mhodhnú, ar choinníoll go bhfuil an modhnú sin teoranta do chomhábhair nádúrtha bainne a chur leis nó a eastóscadh;
- *ciallaíonn miocrorgánaigh de chultúr iógairt* miocrorgánaigh den speiceas *Lactobacillus delbrueckii* subsp. *bulgaricus* agus *Streptococcus thermophilus*;
- *ciallaíonn táirgí bainnebhunaithe* táirgí déiríochta agus táirgí déiríochta ilchodacha;
- *ciallaíonn bainne amh* bainne amh dá dtagraítear i gCuid IV d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;
- *ciallaíonn Treoir 79/1067/CEE Céad Treoir 79/1067/CEE* ón gCoimisiún an 13 Samhain 1979 lena leagtar síos modhanna anailíse an Chomhphobail chun bainne leasaithe áirithe atá díohiodráitithe go páirteach nó go hiomlán a thástáil lena chaitheamh ag an duine (IO L 327, 1979);
- *ciallaíonn Treoir 85/503/CEE an Chéad Treoir 85/503/CEE* ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 1985 maidir le modhanna anailíse le haghaidh cáisíní agus cáiséanaití inite atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (IO L 308, 1985);

- ciallaíonn Treoir 2001/114/CE Treoir ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le bainne leasaithe áirithe atá díhiodráitithe go páirteach nó go hiomlán atá ceaptha lena chaitheamh ag an duine (IO L 15, 2002);
- ciallaíonn Treoir (AE) 2015/2203 Treoir (AE) 2015/2203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cáiséiní agus cáiséanáití atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Treoir 83/417/CEE ón gComhairle (IO L 314, 2015);
- ciallaíonn táirge déiríochta ilchodach táirge nach bhfuil aon eilimint amháin ann a ghlacann ionad comhábhair bhainne nó a chuirtear leis chun na críche sin agus inar comhábhar riachtanach é an bainne nó táirge déiríochta, de réir a chainníochta nó toisc gur saintréith den táirge é a éifeacht;
- ciallaíonn *teirmíú* bainne amh a théamh go teocht idir 57 °C agus 68 °C ionas go leanfaidh an bainne ag freagairt go dearfach don tástáil fosfatáise tar éis na cóireála sin;
- ciallaíonn *Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008* maidir le heinsímí bia agus lena leasaítear Treoir 83/417/CEE ón gComhairle, *Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle, Treoir 2000/13/CE, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 258/97 IO L 354, 2008*);
- ciallaíonn *Rialachán (CE) 1333/2008 Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008* maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 2008);
- ciallaíonn *Rialachán (AE) 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72 ón gComhairle, Rialachán (CEE) Uimh. 234/79 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (OJ L 347, 2013)*);
- ciallaíonn *Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, Rialachán (AE) 2019/787 agus Rialachán (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (OJ L 2024/1143)*);
- ciallaíonn cóireáil teasa aon chóireáil trí théamh a mbíonn imoibriú diúltach ar an tástáil fosfatáise mar thoradh air, díreach tar éis é a chur i bhfeidhm;
- ciallaíonn *táirge déiríochta* táirge déiríochta dá dtagraítear i gCuid III d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

B

Is mar seo a leanas atá Airteagal 2 anois:

Airteagal 2

1. Tá toirmeasc ar ghníomhú de shárú ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 78(2) go dtí Airteagal (5) agus i gCuid III agus i gCuid IV d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nó dá bhun a mhéid a bhaineann siad le bainne agus táirgí déiríochta lena gcaitheamh ag an duine.
2. Tá toirmeasc ar tháirgí bia agus dí a ullmhú, a chóireáil, a phróiseáil, a phacáistiú, a stóráil, a iompar, a mhargú nó a úsáid seachas i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos san Fhoraithe seo nó de bhun na Fhoraithe seo.
3. Tá toirmeasc ar earraí a mhargú seachas na hearraí sin dá bhforchoimeádtar na tásca a shonraítear san Fhoraithe seo nó dá bhun, trí úsáid a bhaint as na tásca sin nó as aon tasc atá cosúil leo.

C

I gceannteideal Roinn 3, cuirtear na focail 'Treoracha an Aontais' in ionad na bhfocal 'Treoracha CEE'.

D

Is mar seo a leanas atá Airteagal 4 anois:

Airteagal 4

Leagfaidh ár nAire síos rialacha breise maidir le trasú na nithe seo a leanas:

- a. Treoir 2001/114/CE; agus
- b. Treoir (AE) 2015/2203.

E

I gceannteideal Roinn 4, scriostar ‘agus cáis bhrúite’.

F

Leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

- 1. Cuirtear ‘1.’ isteach roimh an téacs.
- 2. I mír 1 (nua), scriostar an fhoclaíocht tosaigh, na focail ‘cáis gabhair agus cáis caorach’.
- 3. Cuirtear mír isteach, mar seo a leanas:
 - 2. Comhlíonfaidh binid dá dtagraítear i mír 1 ceanglais Rialachán (CE) 1332/2008.

G

I gceannteidil Roinn 5 agus Roinn 6 den téacs Ollainnise, cuirtear an focal ‘producten’ in ionad an fhocail ‘produkten’ (táirgí) i ngach cás.

H

In Airteagal 7, an fhoclaíocht tosaigh, Airteagal 8(1), an fhoclaíocht tosaigh, agus Airteagal 16 den téacs Ollainnise, cuirtear an focal ‘zuivelproduct’ in ionad an fhocail ‘zuivelprodukt’ (táirge déiríochta) i ngach cás.

I

In Airteagal 7, an fhoclaíocht tosaigh, Airteagal 8(1), an fhoclaíocht tosaigh, Airteagal 9(1), Airteagal 14, Airteagal 15 agus Airteagal 16, cuirtear an focal ‘bainne’ in ionad na bhfocal ‘bainne bó’ i ngach cás.

J

Baintear Airteagal 8(4).

K

Is mar seo a leanas atá Airteagal 9(2) anois:

- 2. Gan dochar do na hainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2.28 go dtí Airteagal 2.30 de na Rialacháin maidir le Táirgí Ainmhithe (Regeling dierlijke producten) ná do na scéimeanna cáilíochta arna gclárú faoi Rialachán (AE) 2024/1143, féadfar ceann amháin de na hainmniúcháin dá dtagraítear san larscríbhinn a úsáid le haghaidh cáise, ar choinníoll go gcomhlíonann cineál agus comhdhéanamh an táirge an caighdeán cáise ábhartha.

L

Scriostar Airteagal 10(2) agus (3), mar aon leis an ainmniúchán ‘1.’ roimh mhír 1.

M

Scriostar Airteagal 11.

N

Leasaítear Airteagal 12 mar seo a leanas:

- 1. Is mar seo a leanas atá Mír 1 anois:
 - 1. Maidir le cáis iomlán dá dtagraítear in Airteagal 9, atá i mbulc agus atá i láthair i siopa nó in aon áit díolacháin eile a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi, beidh an t-ainmniúchán dá dtagraítear in Airteagal 8(1) d’Fhoraithne an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le faisnéis faoi bhia uirthi (Warenwetbesluit informatie levensmiddelen) agus tasc ar chion saille an ábhair thirim uirthi.
 - 2. I mír 2 agus i mír 3, cuirtear ‘ainm’ in ionad gach cás de ‘tasc’, agus cuirtear ‘tagairtí’ in ionad gach cás de ‘tagairt’.

O

Is mar seo a leanas atá Airteagal 12a anois:

Airteagal 12a

Ní fhéadfar an craiceann cáise dá dtagraítear in Airteagal 9 a chumhdach ach amháin leis na bratuithe arna n-ainmniú le hordú aireachta faoi na coinníollacha a leagtar síos san ordú sin.

P

In Airteagal 13, scriostar mír 2, agus athuimhrítear mír 3 mar mhír 2.

Q

Leasaítear Airteagal 14 den téacs Ollainnise mar seo a leanas:

1. Cuirtear na focail ‘samengestelde zuivelproduct’ in ionad na bhfocal ‘samengestelde zuivelprodukt’ (táirge déiríochta ilchodach).
2. I mír 2(a) den téacs Ollainnise, cuirtear an focal ‘graanproducten’ in ionad an fhocail ‘graanprodukten’ (táirgí gránaigh)

R

In Airteagal 15 den téacs Ollainnise, cuirtear na focail ‘samengestelde vloeibare zuivelproduct’ in ionad na bhfocal ‘samengestelde vloeibare zuivelprodukt’ (táirge déiríochta leachtach ilchodach).

S

In Airteagal 17 den téacs Ollainnise, cuirtear ‘táirge’ in ionad litriú an fhocail ‘produkt’ (táirge).

T

Leasaítear Airteagal 18 mar seo a leanas:

1. I mír 2 den téacs Ollainnise, athraítear litriú ‘Richtlijn 79/1067/CEE’ (Treoir 79/1067/CEE go dtí ‘richtlijn 79/1067/CEE’.
2. I mír 3 den téacs Ollainnise, athraítear litriú ‘Richtlijn 85/503/CEE’ (Treoir 85/503/CEE go dtí ‘richtlijn 85/503/CEE’.
3. I mír 5, scriostar na focail ‘, i gcomhaontú Lenár nAire Gnóthaí Eacnamaíocha, Talmhaíochta agus Nuálaíochta,’.

U

Is mar seo a leanas atá Airteagal 20 anois:

Airteagal 20

Tar éis theacht i bhfeidhm Fhoraithe XXX lena leasaítear Fhoraithe an Ghnímh um Thráchtarraí maidir le feoil, feoil mhionaithe agus táirgí feola, Fhoraithe an Ghnímh um Thráchtarraí maidir le Táirgí Déiríochta agus Fhoraithe an Ghnímh um Thráchtarraí maidir le pionóis riaracháin i ndáil le leasuithe ar reachtaíocht Eorpach agus roinnt coigeartuithe teicniúla (Feasachán Gnóthartha agus Foraitheanta XXX), tá Rialacháin an Ghnímh um Thráchtarraí maidir le bainne díhiodráitithe 2003 agus Rialacháin an Ghnímh um Thráchtarraí maidir le cáiséin agus cáiséanáití 2016 bunaithe freisin ar Airteagal 4(a) agus Airteagal 4(b) den Fhoraithe seo.

V

Is mar seo a leanas atá an larscríbhinn anois:

larscríbhinn Liosta d’ainmniúcháin cháise a chomhlíonann an caighdeán ábhartha cáise Codex Alimentarius

Tá baint ag an larscríbhinn seo le hAirteagal 9(2).

Mozzarella
Céadar
Edam

Gouda
 Samsø
 Emmental
 Tilsiter
 Saint-Paulin
 Provolone
 Cáis Tí
 Coulommiers
 Cáis Uachtair
 Camembert
 Brie
 Cáis Ghrátála Fhíorchrua

Airteagal III

Leasaítear leis seo an larscríbhinn a ghabhann le Foraithe an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le pionóis riaracháin (Warenwetbesluit bestuurlijke boeten) mar a leanas:

1. Is mar seo a leanas atá Roinn C-16 anois:

<i>C-16 Foraithe an Ghnímh um Thráchtearraí i ndáil le feoil, feoil mhionaithe agus táirgí feola</i>				
C-16.1	Airteagal 2(1) i gcomhar le hAirteagal 3	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.2	Airteagal 2(1) i gcomhar le hAirteagal 3a	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.3	Airteagal 2(1) i gcomhar le hAirteagal 3b	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.4	Airteagal 2(1) i gcomhar le hAirteagal 4(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.5	Airteagal 2(1) i gcomhar le hAirteagal 5(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.6	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 6	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.7	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 7	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.8	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 8	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.9	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 9	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.10	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 10	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.11	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 12	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-16.12	Airteagal 2(3)	EUR 525.00	EUR 1050.00	X

2. Is mar seo a leanas atá Roinn C-17 anois:

<i>C-17 Foraithe an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le táirgí déiríochta</i>				
C-17.1	Airteagal 2(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.2	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 5(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.3	Airteagal 2(2), i gcomhar le hAirteagal 5(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.4	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 7	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.5	Airteagal 2(2), i gcomhar le hAirteagal 8(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.6	Airteagal 2(2), i gcomhar le hAirteagal 8(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.7	Airteagal 2(1) i gcomhar le hAirteagal 8(3)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.8	Airteagal 2(2), i gcomhar le hAirteagal 9(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.9	Airteagal 2(2), i gcomhar le hAirteagal 9(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.10	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 10	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.11	Airteagal 2(2), i gcomhar le hAirteagal 12(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.12	Airteagal 2(2), i gcomhar le hAirteagal 12(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.13	Airteagal 2(1) i gcomhar le hAirteagal 12(3)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.14	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 12a	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.15	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 13(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.16	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 13(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.17	Airteagal 2(2), i gcomhar le hAirteagal 14(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.18	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 14(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	

C-17.19	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 15		EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.20	Airteagal 2(2), i gcomhar le hAirteagal 16(1)		EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.21	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 16(2)		EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.22	Airteagal 2(2) i gcomhar le hAirteagal 17		EUR 525.00	EUR 1,505.00	
C-17.23	Airteagal 2(3)		EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24	<i>Foraithne an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le táirgí déiríochta</i>	<i>Rialacháin an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le bainne díhiodráitithe 2003 (Warenwetregeling gedehydrateerde melk)</i>			
C-17.24.1	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 3(a)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.2	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 3(b)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.3	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 3(c)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.4	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 3a(a)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.5	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 3a(b)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.6	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 3a(c)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.7	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 4(a)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.8	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 4(b)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.9	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 4(c)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.10	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 5	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.11	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 6(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.12	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 7	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.13	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 8	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.14	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 9	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.15	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 10(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.16	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 11	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.17	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 12	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.18	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 13(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.19	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 14	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.20	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 15(1)(a)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.21	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 15(1)(b)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.22	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 16(a)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.24.23	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 16(b)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	
C-17.25	<i>Foraithne an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le táirgí déiríochta</i>	<i>Rialacháin an Ghnímh um Thráchtearraí 2016 maidir le cáiséin agus cáiséanáití (Warenwetregeling caseïne en caseïnaten)</i>			
C-17.25.1	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.25.2	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.25.3	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2(3)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.25.4	Airteagal 2(2)	Airteagal 3	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X

	i gcomhar le				
C-17.25.5	Airteagal 2(3) i gcomhar le	Airteagal 2(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.25.6	Airteagal 2(3) i gcomhar le	Airteagal 2(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.25.7	Airteagal 2(3) i gcomhar le	Airteagal 2(3)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.25.8	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 4(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.25.9	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2(4)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26	<i>Foraithne an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le táirgí déiríochta</i>	<i>Rialacháin an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le bratuithe craicinn cáise (Warenwetregeling Kaaskorstbedekkingsmiddelen)</i>			
C-17.26.1	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 1(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26.2	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 1(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26.3	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 1(3)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26.4	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26.5	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 1(5)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26.6	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26.7	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26.8	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2(3)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26.9	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2a(1)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X
C-17.26.10	Airteagal 2(2) i gcomhar le	Airteagal 2a(2)	EUR 525.00	EUR 1,050.00	X

Airteagal IV

Tiocfaidh an Fhóraithne seo i bhfeidhm an 1 Iúil 2025.

Ordaím leis seo an Fhóraithne seo agus na nótaí míniúcháin a ghabhann léi a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

An Státrúnaí Sláinte,
Leas agus Spóirt